



Uimhir 24 de 1992

ACHT NA gCOMHPHOBAL EORPACH (LEASÚ), 1992
[*An tionú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Leasú ar alt 1 d'Acht na gComhphobal Eorpach, 1972.
 2. Leasú ar alt 2 d'Acht na gComhphobal Eorpach, 1972.
 3. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.
-

[Uimh. 24.] *Acht na gComhphobal Eorpach* [1992.]
(*Leasú*), 1992.

NA HACHTANNA DÁ DTAGRÁITEAR

Achtanna na gComhphobal Eorpach, 1972 go 1986



Uimhir 24 de 1992

ACHT NA gCOMHPHOBAL EORPACH (LEASÚ), 1992
[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ ACHT NA gCOMHPHOBAL EORPACH,
1972, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ LE hAGHAIDH
NITHE COMHGHAOLMHARA EILE. [11 *Samhain*, 1992]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—(1) Leasaítear leis seo alt 1 d’Acht na gComhphobal Eorpach, 1972, tríd an mír seo a leanas a chur isteach sa mhíniú ar “na conarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha” in alt 1 (1), i ndiaidh mhír (o) (a cuireadh isteach le hAcht na gComhphobal Eorpach (Leasú), 1986):

Leasú ar alt 1
d’Acht na
gComhphobal
Eorpach, 1972.

“agus

(p) na forálacha seo a leanas den Chonradh ar an Aontas Eorpach, eadhon, Teidil II, III agus IV; i dTeideal VII, Airteagail L, M agus P, agus forálacha eile an Teidil sin a mhéid a bhaineann siad le haon cheann de na conarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha mar a mhínítear leis an bhfo-alt seo; mar aon leis na Prótacail (cibé acu a deirtear iad a bheith i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, nó leis an gConradh sin ar an Aontas Eorpach agus leis na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach), arna dhéanamh i Maastricht an 7ú lá d’Fheabhra, 1992.”.

(2) Tá téacs an mhínithe ar “na conarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha” san alt sin 1, arna leasú le *fo-alt (l)* den alt seo agus le leasuithe roimhe sin, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

ciallaíonn “na conarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha”—

- (a) “Conradh CEE”, is é sin le rá, an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, a síníodh i bPáras an 18ú lá d’Aibreán, 1951,
- (b) “Conradh CEE”, is é sin le rá, an Conradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, a síníodh sa Róimh an 25ú lá de Mhárta, 1957,
- (c) “Conradh Euratom”, is é sin le rá, an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, a síníodh sa Róimh an 25ú lá de Mhárta, 1957,

[Uimh. 24.] *Acht na gComhphobal Eorpach* [1992.]
(Leasú), 1992.

A.1

- (d) an Coinbhinsiún ar Institiúidí áirithe is coiteann do na Comhphobail Eorpacha, a síníodh sa Róimh an 25ú lá de Mhárta, 1957,
- (e) an Conradh ag bunú Comhairle aonair agus Coimisiún aonair de na Comhphobail Eorpacha, a síníodh sa Bhruiséil an 8ú lá d'Aibreán, 1965,
- (f) an Conradh a leasaíonn Forálacha Buiséadachta áirithe de na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus den Chonradh ag bunú Comhairle aonair agus Coimisiún aonair de na Comhphobail Eorpacha, a síníodh i Lucsamburg an 22ú lá d'Aibreán, 1970,
- (g) an Conradh i dtaobh aontachas na hÉireann le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, a síníodh sa Bhruiséil an 22ú lá d'Eanáir, 1972,
- (h) cinneadh ó Chomhairle na gComhphobal Eorpach an 22ú lá d'Eanáir, 1972, i dtaobh aontachas na hÉireann leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach,

arna bhforlíonadh nó arna leasú le conarthaí nó gníomhartha eile ar dátaí nach déanaí ná an 1ú lá d'Eanáir, 1973, a ndátaí tosach feidhme, agus

- (i) an Conradh a leasaíonn forálacha áirithe airgeadais de na conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus den Chonradh ag bunú Comhairle aonair agus Coimisiún aonair de na Comhphobail Eorpacha, a síníodh sa Bhruiséil an 22ú lá d'Iúil, 1975, agus
- (j) an Conradh i dtaobh aontachas na Poblachta Heilléanaí le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, a síníodh san Aithin an 28ú lá de Bhealtaine, 1979, agus
- (k) cinneadh ó Chomhairle na gComhphobal Eorpach an 24ú lá de Bhealtaine, 1979, i dtaobh aontachas na Poblachta Heilléanaí leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach, agus
- (l) an Conradh ag leasú, maidir leis an nGraonlainn, na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach, a síníodh sa Bhruiséil an 12ú lá de Mhárta, 1984, agus
- (m) an Conradh i dtaobh aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, a síníodh i Liospóin agus i Maidrid an 12ú lá de Mheitheamh, 1985, agus
- (n) cinneadh ó Chomhairle na gComhphobal Eorpach an 11ú lá de Mheitheamh, 1985, i dtaobh aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach, agus
- (o) na forálacha seo a leanas den Ionstraim Eorpach Aonair (arna déanamh i Lucsamburg an 17ú lá d'Fheabhra, 1986, agus sa Háig an 28ú lá d'Fheabhra, 1986), eadhon, Airteagal 3.1; Teideal II; Airteagail 31 agus 32; agus, a mhéid a bhaineann siad leis an Airteagal sin 3.1, leis an Teideal sin II agus leis na hAirteagail sin 31 agus 32, Airteagail 33 agus 34, agus
- (p) na forálacha seo a leanas den Chonradh ar an Aontas Eorpach, eadhon, Teidil II, III agus IV; i dTeideal VII, Airteagail L, M agus P, agus forálacha eile an Teidil sin a mhéid a bhaineann siad le haon cheann de na conarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha mar a mhínítear leis an bhfo-alt seo; mar aon leis na Prótacail (cibé acu a deirtear iad a bheith i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, nó leis an gConradh sin ar an Aontas Eorpach agus leis na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach), arna dhéanamh i Maastricht an 7ú lá d'Fheabhra, 1992.

[1992.] *Acht na gComhphobal Eorpach* [Uimh. 24.]
(Leasú), 1992.

2.—Leasaítear leis seo alt 2 d’Acht na gComhphobal Eorpach, 1972, trí na focail “agus ag comhlachtaí atá inniúil faoi na conarthaí a dúradh” a chur isteach i ndiaidh “na gComhphobal sin”. Leasú ar alt 2 d’Acht na gComhphobal Eorpach, 1972.

3.—(1) Féadfar Acht na gComhphobal Eorpach (Leasú), 1992 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.

(2) Féadfar Achtanna na gComhphobal Eorpach, 1972 go 1992 a ghairm d’Achtanna na gComhphobal Eorpach, 1972 go 1986 agus den Acht seo le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a cheapfar le hordú arna dhéanamh ag an Aire Gnóthaí Eachtracha.